



Bord Bainistíochta

An Dúshlán Trócaire Dé a Fhógairt

Réamhrá

Tugtar dúshlán dúinn mar bhoird bhainistíochta sna scoileanna Caitliceacha, trócaire Dé a fhógairt, agus ní éasca an rud é a leithéid a dhéanamh nuair a bhíonn iliomad dualgas tromchúiseach le comhlíonadh againn. Bímid gafa le leas láithreach na mac léinn, le cúraimí a bhaineann le tuismitheoirí, le caomhnóirí, leis an fhoireann, agus caithfear aire cheart a thabhairt dóibh ar fad, agus dea-chleachtais á gcothú inár measc. An phríomhchúis gur bunaíodh an scoil ná go raibh éiteas Caitliceach ann agus an aidhm a bhí leis ná oideachas a chur ar fáil don aos óg, toisc go bhfuil dualgas Críostaí orainn aire agus grá a thabhairt dóibh. Uaireanta bímid go mór in aimhréidh ag iarraidh an rud is fearr a dhéanamh ar son an phobail scoile.

Sa litir *Misericordiae Vultus*, rinne an Pápa Proinsias Bliain lubhaile na Trócaire a fhógairt, le go ndéanfadh an pobal Caitliceach ar fad ceiliúradh air. Bíonn ceist na trócaire go mór in aigne an Phápa, agus eisean féin ag iarraidh rudaí a bhaint as aimhréidh san Eaglais, agus síocháin agus lúcháir a chur i bhfeidhm inti. Chun a leithéid a dhéanamh, bíonn gá le go mbeadh gach aon duine againn ag fógairt na trócaire.

Nuair a bhí sé ag staidéar sa Ghearmáin, chonaic an Pápa Proinsias pictiúr ola le Johann Georg Schmidtner darb ainm ‘Muire, Scaoilteoir na Snaidhmeanna’. Tugann an Pápa deabhóid láidir don íomhá seo. Go bunúsach, tá an pictiúr ag tabhairt léargais ar an saol pósta, ach d’fhéadfaí go leor brionna eile a bhaint as. Ní bhíonn saol ar bith gan deacrachtaí áirithe ag baint leis, bímis ag trácht ar an duine aonair, ar an duine pósta, ar an saol cráifeach, nó ar an saol proifisiúnta. Nuair a scaoilimid na snaidhmeanna a chastar orainn, bímid ag freagairt do dhúshlán na trócaire tríd an ngrá a léiriú pé áit ina mbíonn sé de dhíth inár saol.

Tugaimis deabhóid láidir sinn féin don íomhá seo de Mhuire, i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha agus cuimhnigh air gur ise Máthair na Trócaire chomh maith.



www.godtube.com/watch/?v=gCCBJNU



Machnamh

- Cad iad na ‘snaidhmeanna’ a d’aithneofa maidir le do ról mar bhall den Bhord Bainistíochta, a thabharfa suas do Mhuire, Scaoilteoir na Snaidhmeanna?
- An ndéanann tú ionannas le gné ar bith den phictiúr, agus cén fáth?
- An ndéanann tú ionannas le duine ar bith sa phictiúr agus cén fáth?
- Ar tharla riamh gur chuir tú féin cúrsaí in aimhréidh maidir le do ról mar bhall den bhord bainistíochta?
- Déan machnamh ar an bpictiúr agus déan trí bhealach a aithint uaidh ina bhféadfaí an trócaire a fhógairt ar scoil.





Paidir

A Mhuire Mháthair, bhí tusa lán de Spiorad Dé nuair a bhí tú i do bheatha, ghlac tú go humhal le toil Naofa an Athar, agus le hoidhreacht do mhac Ár dTiarna Íosa Críost. Níor chuir an drochghníomh in aimhréidh riamh tú. Ón am sin i leith bhí tusa mar idirghabhálaí, ag cabhrú linne ár ndeacrachtaí a sháru. Mhúin tú go simplí is go foighneach dúinn conas na snaidhmeanna a scaoileadh ónár saol aimhréidh. Ós tusa ár Máthair shíoraí, réitíonn tú an bealach dúinn a thabharfaidh chun an Tiarna sinn. A Naomh Muire, A Mháthair Dé, is tusa ár máthair féin chomh maith. Trí do chroí máthartha, scaoil na snaidhmeanna inár saol aimhréidh. Iarraidimid ort an ghuí seo (luaigh an ghuí anseo) a ghlacadh idir lámha, agus sinn a scaoileadh ó na slabhraí a chuireann srian orainn. A Mhaighdean Naofa, trí do ghrásta, trí d'idirghuí agus trí do dhea-shampla, saor ón olc sinn agus scaoil na snaidhmeanna a choimeádann ó Dhia sinn, go mbeimis saor ón earráid agus ón suaitheadh intinne ionas go mbeidh Dia le sonrú i ngach a déanaimid, go mairfidh sé inár gcroí, agus go ndéanfaimid freastal air ar mhaithe lenár ndeartháireacha agus lenár ndeirfiúracha. A Mháthair na Dea-Chomhairle, guigh orainn.



Nóibhéine Mhuire Scaoilteoir na Snaidhmeanna

<http://www.theholysary.org>




Foireann/Foireann

Réamhrá

Bímid gníomhach agus broidiúil ar feadh an lae ar scoil. Bíonn breis fhreagracht orainn mar mhúinteoirí, seachas bheith ag múineadh amháin. Is cosúil go mbíonn ag méadú ar na dualgais seo in aghaidh na bliana. Tá an chastacht a bhaineann le saol na ndaltaí agus lenár saol féin ag dul in olcas. Is annamh a mhothaímid mar mhúinteoirí, go bhfuil meas ag an saol ar an obair a dhéanaimid, agus ní aithnítear an obair ar fad a dhéanaimid ar scoil i ngan fhios don saol. Bheadh sé deacair smaoineamh ar lámh chúnta a shíneadh i dtreo dhuine eile den fhoireann, nuair a bhíonn ualach oibre chomh mór sin orainn féin. De réir mar a bhímid ag smaoineamh ar éiteas na scoile seo againne i rith na seachtaine, nach bhféadfaimis tabhairt faoi iarracht ar leith ar thrócaire Dé a dhéanamh ar na baill eile foirne?

Bhí fuadar faoi Shíomón Cuiréanach an lá úd. Bhí cuid mhaith oibre le déanamh aige, agus ní raibh cur amach ar bith aige ar Íosa Nazarat, an coirpeach ar bhuail sé leis agus é le bheith céasta ar chros, agus ba chuma leis é. Cé gur cuireadh iallach air chros Íosa a iompar, ba é Síomón an duine ar tháinig athrú dearfach saoil air, agus ní an duine ar chabhraigh sé leis. Cuireadh ar an saol seo sinn le cabhrú le daoine eile, agus nuair a bhíonn comhbhá agus trócaire á léiriú againn dóibh, nílimid ag tabhairt an rud a bhaineann linn féin uainn, ach bíonn sé á chothú inár gcroí istigh againn.



Féach an tUan

www.safeshare.tv/v/ss56531d6879e15

(Tá íomhánna san fhíseán seo a chuirfeadh isteach ar dhaoine áirithe.)



Machnamh

Matha 27:32

‘Sa tslí amach dóibh, casadh fear Cuiréanach orthu arbh ainm dó Síomón; chuir siad d’fhiacha air seo a chros a iompar’.

Lúcás 23:26

‘Agus iad á sheoladh leo, leag siad lámh ar dhuine áirithe, Síomón, Cuiréanach, a bhí ag teacht ón tuath, agus bhuail siad an chros air lena hiompar i ndiaidh Íosa’.

- Samhlaigh gur tusa Síomón Cuireánach. Scríobh an méid a chuirfeá i do dhialann ag cur síos ar an lá ar bhuail tú le Íosa. Déan trácht ar an atmaisféar a bhain leis an lá sin. Conas mar a mhothaigh tú roimh, i rith agus i ndiaidh na heachtra? Ar athraigh tú puinn ón uair ar bhuail tú le Íosa?
- Roghnaigh trí bhealach ina bhféadfá crosa chomhghleacaithe a iompar i rith na seachtaine, i ngan fhios dóibh. D’fhéadfaí rudaí den sórt seo a dhéanamh

- * Paidir
- * Maithiúnas a thabhairt do mhíthuiscint stairiúil
- * Gnó beag a dhéanamh chun ualach an duine eile a ardú uaidh nó uaithi
- * Cairdeas a dhéanamh le ball foirne nach bhfuil mórán aithne agat orthu
- * Ball a mholadh as an dea-obair agus as an iarracht a ndéantar.

Paidir

A Thiarna Chaoín, cabhraigh linn bheith ar nós Shíomón Cuireánach agus crosa dhaoine eile a iompar dóibh. D’oscail tusa na súile air, agus tháinig athrú meoin air toisc gur iompar sé, cros do mhac Íosa go trócaireach. Bronn an grásta orainn bheith in ann an comhghleacaí gátarach a aithint, agus cabhair a thabhairt fiú mura n-oireann sé dúinn. Má bhimid ag fulaingt sinn féin, cabhraigh linn lúcháir éigin a bhaint as, le go dtiocfadh fás agus forbairt ar an gcomhbhá agus ar an trócaire a léirimid i leith dhaoine eile, agus muid ag cuimhneamh ar an méid a dúirt Íosa lena dheisceabail: ‘Deirim libh go fírinneach, sa mhéid go ndearna sibh é do dhuine den chuid is lú de na bráithre seo agamsa, is domsa a rinne sibh é’. Amen. (Tagairt: Matha 25:40).

Foireann/Mac Léinn

I gCuimhne Victoria Soto



Réamhrá

Ní fhéadfaimis an t-ár a tharla ag Bunscoil Sandy Hook sa bhliain 2012 a dhearmad. Cuimhnigh ar an trócaire agus ar an ngrá a léirigh múinteoir áirithe, a ndearnadh aghaidh Íosa di, nuair a thug sí a beatha uaithi le daoine eile a chosaint. Chuir Victoria Soto a cuid mac léinn i bhfolach ón dúnmharfóir, agus rinne iad a chosaint go pearsanta. Rinne sí a leithéid gan aon idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Thug sí grá cothrom dóibh. Más rud é gur bhain deacrachtaí le bheith ag déileáil sa seomra ranga le roinnt acu, léirigh sí freagracht dáiríre ina leith, agus trócaire chuimsitheach i leith dhaoine eile as an méid a rinne sí. Ba ghníomh neamhghnách ar ócáid neamhghnách é. Cuireann sé i gcuimhne dúinn



go lonraíonn solas na trócaire níos gile ar domhan ná gníomh suarach ar bith. Ní ceart go n-éileofaí ar mhúinteoir an rud a rinne sise a dhéanamh, ach ba cheart go ndéanfaimis aithris mar mhúinteoirí, ar an spiorad a spreag Victoria ina beatha. Bíonn páistí áirithe fiáin agus trioblóideach nuair a bhíonn siad ag foghlaim is ag fás aníos. Bíonn paistí eile ciúin faiteach indírthe. Bíonn gach páiste álainn, iad ar fad mar fhoinsé lúcháir. Tugann an parabal den Mhac Drabhlásach léargas dúinn ar an athair a ghlac lena mhac, agus leis na lochtanna a bhain leis, agus é ag súil le hathrú saoil uaidh. Baintear úsáid as an bparabal seo de ghnáth le cur síos a dhéanamh ar an athair somhaiteach. Déanaimis dearmad ar an taithí atá againn maidir leis an bparabal agus breathnaímis air trí shúile Rembrandt.



Machnamh

Breathnaigh ar na sé charachtar sa phictiúr. Cathain a bhí tusa ag feidhmiú mar na carachtair éagsúla?

- Cad a thugann iompar coirp an athar le fios duit?
- Cad a cheapann tú faoi chos (agus bróg) chlé an mhic dhrabhlásaigh?
- Smaoinigh ar an uair a rinne tusa iarracht thar na bearta déileáil le mac léinn agus inniúlacht an duine sin a spreagadh ina chuid oibre.
- Cé a bhíonn freagrach as an trócaire a chur i bhfeidhm sa phictiúr? Cé a bhíonn freagrach as é dhéanamh sa seomra ranga?
- Sa pharabal seo, téann an t-athair chun bualadh leis an mac 'le linn dó fós bheith i bhfad uaidh'. An dtarlódh eachtra mar seo sa seomra ranga riamh?

Bí ag caint leis na mic léinn maidir leis an rud a éilíonn siad uaitse mar mhúinteoir, agus an rud a éilíonn tusa uathu mar mhic léinn. Cad is féidir libhse, mar rang atá tiomanta agus aontaithe san éiteas Caitliceach, a dhéanamh i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha le trócaire Dé a fhógairt don phobal i gcoitinne?



Tá cur síos grinn ar phictiúr Rembrandt i leabhar Henri J. M. Nouwen: *The Return of the Prodigal Son: A Story of Homecoming* (New York: Doubleday, 1994).

Paidir

A Mháthair na Trócaire, cuireadh íomhá d'aghaidh Chríost ar chumhdach Naomh Veronica mar chomhartha buíochais as an trócaire a léirigh sí. Gabhaimid buíochas leat as saol Victoria Soto agus as an méid a bhronn sí ar an domhan ar fad. Ba ise aghaidh ghrámhar Dé nuair a tharla an t-uafás. Gabhaimid buíochas as an gcrógacht a léirigh sí. Go mbeidh sí mar inspioráid dúinne ar fad, agus trína hidirghuí, deonaigh go mbeidh grá domhain agam do na mic léinn agus fonn orm cabhrú leo a bheith ag fás agus ag forbairt in íomhá Chríost. Má bhíonn deacrachtaí inár measc, tabhair an grásta dom gan aon duine a dhaoradh, agus lig dom dul chun teagmháil a dhéanamh le mic léinn nuair a bhíonn siad fós i bhfad uaim. Cabhraigh lenár rang bheith ag comhoibriú lena chéile, do thrócaire a fhógairt i gcónaí, agus é a dhéanamh ach go háirithe nuair a bhíonn deacrachtaí ann a leithéid a bhaint amach. Amen